2022.M108T

2022L225A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

Dé Máirt 28 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

170 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 40 marc |
| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
| Roinn C | Ceisteanna Fada | 80 marc |

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas.

- **Cúig** cheist ar bith as an dá cheist déag i Roinn A
- Ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar
- **Dhá** cheist ar bith as na cúig cheist i Roinn C.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le dubh.**

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A 40 marc

Freagair **cúig** cheist ar bith, as na ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12.

**Ceist 1**

Is mar seo a shainmhínítear 'saintréith' (*bunaithe ar Fhoclóir Collins*):

> Cáilíocht, aitreabúid nó airí inaitheanta.

Sainaithin **ceithre** shaintréith a luafá le feidhmíocht lúthchleasaithe ardoilte.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| 4. |
| |
| |

**Ceist 2**

In 2019, lean club sacair Real Madrid ar aghaidh leis an socrú urraíochta maidir lena léinte a bhí acu leis an mbranda Gearmánach Adidas. Creidtear gurb é an socrú urraíochta ar fheisteas spóirt is brabúsaí i stair an tsacair é.
De réir sportsmedia.com:

> Má chuirtear marsantú san áireamh, ciallaíonn sé go bhféadfadh an club sin de chuid La Liga oiread agus 152 milliún sa bhliain a shaothrú, de réir tuairiscí.



**Fíor 1**

**(a)** Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann siad leis an spórt: urraíocht agus marsantú.

| |
|---|
| Urraíocht |
| |
| |
| Marsantú |
| |
| |

**(b)** Déan plé ar an tionchar is féidir a bheith ag an marsantú ar an spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

Mínigh **dhá** straitéis a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu chun a (h)ullmhacht mheabhrach a fheabhsú le linn feidhmíochta i ngníomhaíocht choirp a roghnaíonn tú féin.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

> I mo chéad bhliain mar chóitseálaí mífhoighneach, ní raibh na scileanna seo agam agus d’éirigh mé crosta cantalach de bharr chomh mall agus a bhí na himreoirí cispheile ar fhoireann na Dayton Greendevils ag foghlaim.

B’in a bhí le rá ag an gcóitseálaí John Wooden, ar bronnadh Dámhachtain na Laoch air, agus é ag plé tábhacht scileanna idirphearsanta i gcóitseáil na cispheile ina dhírbheathaisnéis *Wooden on Leadership*.



**Fíor 2**

Sainaithin **ceithre** scil idirphearsanta atá inmhianaithe le haghaidh cóitseáil éifeachtach.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| 4. |
| |
| |

**Ceist 5**

# Joanne O'Riordan: an rud is tábhachtaí ar fad do mhná spóirt na hÉireann ná deis a fháil.

Ach an deis a fháil, taispeánann leithéidí Rachel Blackmore an méid is féidir a bhaint amach.

Thu, Sep 9, 2021, 06:00 | Updated: Thu, Sep 9, 2021, 08:57



Joanne O'Riordan

**Fíor 3**

Taispeánadh an bhliain atá imithe tharainn cad is féidir a bhaint amach nó a dhéanamh má thugann daoine deis dóibh siúd a bhfuil an deis sin uathu.

Déan cur síos ar an dóigh ar fheabhsaigh **dhá** fhorbairt le linn an 20 bliain atá imithe tharainn na deiseanna ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i gcás ceann **amháin** de na grúpaí seo a leanas:

- Mná
- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Grúpaí eitneacha éagsúla
- Grúpaí socheacnamaíocha éagsúla.

| Grúpa |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Is saintréith den haca oighir scátáil eadrannach ard-déine agus athruithe gasta treoluais. Is iad an déine agus an fad ama a chinneann an méid a chuireann na córais fuinnimh leis.

Mínigh an dóigh a gcuireann **dhá** cheann de chórais fuinnimh an choirp leis an bhfeidhmíocht i ngníomhaíocht choirp de do rogha féin.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

Is critéar scórála i bhfeidhmíocht na tonnmharcaíochta "luas, cumhacht agus sreabhadh". In agallamh leis an gCainéal Oilimpeach, labhraíonn Eric Krammer, an stiúrthóir teicniúil ar Chumann Idirnáisiúnta na Tonnmharcaíochta. faoin mbrí atá le sreabhadh:

> I mo chás féin de, agus i gcás mórán de na moltóirí, is é ealaín nó nádúr na tonnmharcaíochta é.



**Fíor 4** Easkey Britton, an tonnmharcach as Dún na nGall

**(a)** Baintear úsáid as 'critéir ealaíne agus/nó aeistéitice na feidhmíochta' chun anailís nó scóráil a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i roinnt gníomhaíochtaí coirp.
Mínigh an téarma critéir ealaíne agus/nó aeistéitice na feidhmíochta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** chritéar ealaíne agus/nó aeistéitice don fheidhmíocht a bheadh oiriúnach do ghníomhaíocht choirp de do rogha féin.
**Ní** ceadmhach an tonnmharcaíocht a roghnú mar do ghníomhaíocht choirp sa chás seo.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 8**

Ina alt dar teideal *Olympic Physics: The Discus*, deir Matt Shipman:

> Tosaíonn an lúthchleasaí ag rothlú, ar an gcos dheas ar dtús, ansin ar an gcos chlé. Bailíonn an rothlú seo luas, nó treoluas ar féidir é a aistriú ina mhóiminteam don teasc.

**(a)** Ainmnigh an plána agus an ais trína ngluaiseann caiteoir na teisce nuair a rothlaíonn sé nó sí sula scaoiltear leis an teasc.

| | |
|---|---|
| Plána | |
| Ais | |

**(b)** Sainaithin gluaiseacht as gníomhaíocht choirp a roghnaíonn tú féin, a tharlaíonn sa phlána agus ar an ais chéanna agus a shainaithin tú in **(a)**.
**Ní** ceadmhach duit imeacht lúthchleasaíochta a úsáid mar do ghníomhaíocht choirp.

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht choirp | |
| Gluaiseacht | |

**(c)** Luann Shipman luas, treoluas agus móiminteam ina chur síos ar an bhfisic a ghabhann le caitheamh na teisce.
Déan gach ceann de na cainníochtaí sin a chatagóiriú mar veicteoir **nó** mar scálach.

| Cainníocht | Veicteoir nó Scálach |
|---|---|
| Luas | |
| Treoluas | |
| Móiminteam | |

**(d)** Tabhair cúis leis an gcatagóiriú mar veicteoir **nó** mar chainníocht scálach a rinne tú ar an treoluas in **(c)**.

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 9**

Is coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp iad imeachtaí oll-rannpháirtíochta agus is féidir cur síos orthu mar imeachtaí ina nglacann líon mór rannpháirtithe páirt i ngníomhaíocht choirp ag an am céanna.

Mínigh **dhá** choincheap de chuid na gníomhaíochta coirp seachas imeachtaí oll-rannpháirtíochta.

**Ceist 10**


In 2018 cuireadh réiteoir sacair ar fionraí ar feadh 3 seachtaine mar gheall ar "*nach raibh sé ag gníomhú ar mhaithe le leas an chluiche*". Toisc gur fhág sé a bhonn sa seomra feistis, chuir an réiteoir iallach ar na captaein cluiche 'cloch, páipéar, siosúr' a imirt chun an taobh den pháirc a roghnú agus chun a shocrú cé aige a mbeadh tús na himeartha.

Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le **dhá** bhall éadaí pearsanta agus **dhá** phíosa fearais i gcás oifigigh i ngníomhaíocht choirp de do rogha féin.
**Níl** cead agat bonn a úsáid mar chuid de do fhreagra.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 11**

Is grafaic í **Fíor 5** a d'eisigh Spórt Éireann ina gcáipéis bhliantúil athbhreithnithe ar a bpolasaí frith-dhópála in 2020. Cuireann an t-athbhreithniú bliantúil forléargas cuimsitheach ar fáil ar na gníomhaíochtaí go léir a bhí á reáchtáil ag Clár Frith-dhópála na hÉireann in 2020.




**Fíor 5**

**(a)** Cén rud í eisceacht i gcomhair úsáid theiripeach (TUE)?

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** chás ina bhféadfadh Spórt Éireann TUE a dheonú do lúthchleasaí.

**Ceist 12**

**(a)** 'Is ionann corpacmhainn a bhaineann le sláinte agus corpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht'.

Déan cruinneas an ráitis sin a phlé.

**(b)** Sainmhínigh comhpháirt na lúfaireachta den chorpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar thábhacht na lúfaireachta san fheidhmíocht rathúil i ngníomhaíocht choirp a roghnaíonn tú féin.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
|---|---|---|

Scrúdaigh an téacs agus na híomhánna sa Chás-Staidéar thíos agus freagair ceist 13.

Is lúthchleasaí Éireannach í Natalya Coyle a chuaigh in iomaíocht ar son a tíre ag 3 cinn de Chluichí Oilimpeacha. Is sa nuapheantatlan a bhíonn Natalya ag iomaíocht. Is spórt ilimeachtaí é an nuapheantatlan ina bhfuil pionsóireacht, snámh 200 m agus seóléimneach chomh maith le himeacht ina dtugtar reathaíocht trastíre agus lámhach piostail le chéile.




**Fíor 6**




**Fíor 7**

Meascán uathúil ina bhfuil réimse de cháilíochtaí teicniúla agus de cháilíochtaí fisiceacha a theastaíonn don nuapheantatlan. Ar an suíomh gréasáin Olympics.com tarraingítear aird ar na dúshláin a bhaineann leis an nuapheantatlan. Deirtear:

> Mar thoradh ar réimse leathan nuálaíochtaí, tá an nuapheantatlan an-éilitheach mar spórt agus brúnn sé lúthchleasaithe go barr a gcumais. Iad siúd a bhfuil seasmhacht coirp agus intinne thar na bearta acu chomh maith le scil i ngach ceann de na cúig dhisciplín, is iontu siúd amháin atá an cumas an t-ór a thabhairt abhaile leo.

In agallamh a rinne Natalya in 2011 le Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha, dúirt sí gurbh é an seóléimneach an t-imeacht ab fhearr léi sa pheantatlan cionn is go raibh sí i ndiaidh a bheith ag marcaíocht capall leis na blianta faoin am sin. Dúirt Natalya freisin:

> Ní dheachaigh mé i mbun na pionsóireachta go dtí cúpla bliain ó shin agus mar sin ní mór dom oibriú an-dian aici sin i gcomparáid leis na cinn eile.

Is é an fáth a bhfuil an méid a bhí le rá aici an-spéisiúil ná gur éirigh go han-mhaith le Natalya sa phionsóireacht sna cluichí i dTóiceo in 2021, agus chríochnaigh sí sa tríú háit in éineacht le hiomaitheoir eile.




**Fíor 8**

Is féidir leis a bheith an-chostasach páirt a ghlacadh sa nuapheantatlan mar spórt, ag an scothleibhéal go háirithe. I measc na gcostas tá: ceannach saintrealaimh, rochtain ar chóitseáil scothleibhéil chomh maith le taisteal agus costais aíochta nuair a bhítear ag iomaíocht i dtíortha éagsúla. I bh**Fíor 9** tugtar sonraí na gcomórtas a raibh Natalya in iomaíocht iontu sna 6 mhí roimh na Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012.

A bhuíochas dá feidhmíocht ardleibhéil, tá fáil ag Natalya ar chineálacha éagsúla maoinithe a chuir ar a cumas forbairt mar lúthchleasaí peantatlain. In 2011, fuair Natalya scoláireacht dlúthpháirtíochta Oilimpeach trí Chomhairle Oilimpeach na hÉireann.

| Dáta an Imeachta | Comórtas agus Suíomh | Áit sa Chomórtas |
|---|---|---|
| 11 Márta 2012 | Corn an Domhain 1 UIPM<br>Charlotte, Stáit Aontaithe Mheiriceá | 18 |
| 18 Márta 2012 | Corn an Domhain 2 UIPM<br>Rio de Janeiro, An Bhrasaíl | 32 |
| 15 Aibreán 2012 | Corn an Domhain 3 UIPM<br>Százhalombatta, An Ungáir | 38 |
| 22 Aibreán 2012 | Corn an Domhain 4 UIPM<br>Rostov, An Rúis | 10 |
| 13 Bealtaine 2012 | Comórtais an Domhain UIPM sa Pheantatlan, 2012<br>An Róimh, An Iodáil | 39 |
| 27 Bealtaine 2012 | Comórtas Ceannais Chorn an Domhain UIPM<br>Chengdu, An tSín | 21 |
| 10 Iúil 2012 | Craobhchomórtas Sinsear na hEorpa,<br>Sóifia, An Bhulgáir | 11 |
| 12 Lúnasa 2012 | Cluichí Oilimpeacha XXX comórtas an Nuapheantatlain<br>Londain, An Bhreatain Mhór | 9 |

**Fíor 9**

San agallamh a rinne sí le Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha in 2011, nuair a fiafraíodh di faoin tábhacht a bhain le tacaíocht mar sin a fháil, dúirt Natalya:

> Gan í, ní bheinn in ann dul san iomaíocht. Is spórt costasach é, ach mar gheall ar an scoláireacht bhí mé in ann dul go dtí Corn an Domhain gach uair, rud a chabhraigh liom cáiliú do bhabhta ceannais Chorn an Domhain agus tá súil agam go mbeidh mé in ann cáiliú do Londain 2012. Gan í, ní bheinn in ann dul in aon áit le fírinne.




**Fíor 10**




**Fíor 11**

Cháiligh Natalya do na Cluichí Oilimpeacha i Londain agus i ndiaidh di críochnú i measc an deichniúir ab fhearr fuair sí tuilleadh scoláireachtaí agus socruithe urraíochta a chuir ar a cumas leanúint uirthi ag tóraíocht an fheabhais ina spórt. Ag tagairt di don socrú urraíochta le Leictreachas Éireann roimh na Cluichí Oilimpeacha in Rio in 2016, bhí seo le rá ag Natalya:

> Táimid ag iarraidh próifíl an spóirt a thógáil, agus chuidigh Londain go mór leis sin cionn is gur thug breis daoine faoi deara é agus tá an t-ádh orm anois urra mar Leictreachas Éireann a fháil – is rud millteanach mór do mo spórt é, taispeánann sé go bhfuilimid ag dul i gcion ar dhaoine, rud atá iontach.

Le déanaí, in 2021, nochtadh Natalya mar ambasadóir branda do Cheapairí Chaife Uí Bhriain.

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Sainaithin staid na foghlama is dóichí a bhí sroichte ag Natalya nuair a thosaigh sí ag foghlaim scileanna na pionsóireachta.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfadh lúthchleasaí, a bhfuil staid na foghlama a shainaithin tú in **(i)** sroichte aige nó aici, a c(h)uid scileanna a fheabhsú.

**(b)** Le linn an ama atá sí sa spórt, chuidigh na socruithe urraíochta agus na scoláireachtaí a bronnadh uirthi le dul chun cinn Natalya sa nuapheantatlan. Ach mar sin féin, is minic a ghearrann socruithe urraíochta a gcostas féin ar lúthchleasaithe.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an urraíocht i gcás Natalya.

**(c)** **(i)** Sainaithin **dhá** chur chuige maidir leis an traenáil taobh amuigh dá gníomhaíochtaí / himeachtaí a bhféadfadh Natalya úsáid a bhaint astu chun a cuid feidhmíochta lúthchleasaíochta a fheabhsú.

**(ii)** Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an dá chur chuige maidir leis an traenáil a shainaithin tú in **(i)** cuidiú le feidhmíocht Natalya sa pheantatlan.

**(d)** Labhraíonn Natalya faoin tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht sna Cluichí Oilimpeacha i Londain ar thógáil phróifíl a spóirt. Is féidir le heiseamláirí (rólchuspaí) mar Natalya tionchar suntasach dearfach a bheith acu ar rannpháirtíocht daoine eile i ngníomhaíocht choirp.

Scrúdaigh **dhá** chur chuige a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn.
**Ní** ceadmhach duit eiseamláirí a úsáid i do fhreagra.

**(e)** Déan anailís ar na héilimh fhisiceacha agus theicniúla a chuireann gníomhaíocht choirp de do rogha féin ar lúthchleasaí.
**Ní** ceadmhach duit an peantatlan a úsáid mar do ghníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Roinn C 80 marc

Freagair **dhá** cheist ar bith as na ceisteanna 14, 15, 16, 17 agus 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar chóireáil gharchabhrach chuí do **dhá** ghortú éagsúla a bhaineann do rannpháirtithe go minic i ngníomhaíocht choirp a roghnaíonn tú féin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Gortú 1 |
| Cóireáil Gharchabhrach |
| |
| |
| |
| |
| |
| Gortú 2 |
| Cóireáil Gharchabhrach |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**

Mórán mar an gcéanna le flasáil na bhfiacla, is rud é téamh suas a thuigeann lúthchleasaithe gur chóir dóibh é a dhéanamh ach ní dhéanann siad nós de.

**(i)** Déan cur síos ar struchtúr téamh suas is féidir le lúthchleasaithe a úsáid chun a chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe mar is cuí faoi choinne na feidhmíochta atá le teacht.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a gcuirfeadh cóitseálaí seal fuaraithe san áireamh ag deireadh seisiúin traenála.

**(c)** Tá sé de rogha ag na mic léinn a dhéanann cúrsa staidéir na céime Baitsiléir Eolaíochta sa tSláinte agus san Fhóillíocht in OTM (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) Chiarraí, speisialtóireacht a dhéanamh i ngníomhaíocht choirp oiriúnaithe sa tríú bliain dá gclár.

**(i)** Mínigh 'gníomhaíocht choirp oiriúnaithe'.

**(ii)** Mol **trí** bhealach a bhféadfadh do scoil an soláthar deiseanna ar ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe a fheabhsú.

**(d)**

> Ní hé amháin go mbaineann an spórt le feidhmíocht an lúthchleasaí a uasmhéadú, baineann sé freisin le híoslaghdú an fhuinnimh a chailltear nuair a bhímid ag rith, ag snámh nó ag sleamhnú trí na sreabháin timpeall orainn.  Tá a fhios ag innealtóirí anois go bhfuil tuiscint ar na fórsaí atá ceannasach in aon spórt faoi leith ríthábhachtach le haghaidh feidhmíocht mhaith.

Scrúdaigh an dóigh a mbíonn baint ag gach ceann de **thrí** dhlí ghluaisne Newton le feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp de do rogha féin.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)**





**Fíor 12**

Tá an tóir atá ar imeachtaí oll-rannpháirtíochta ar nós "Rith Mór Regeneron Luimnigh" méadaithe go millteanach le blianta beaga anuas.

Déan cur síos ar **dhá** dheis a chuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta ar fáil do lucht gnó agus fiontraíochta.

**(b)**




**Fíor 13**

I bh**Fíor 13**, a tógadh as Tuarascáil Mhonatóireachta Spórt Éireann 2019, léirítear an céatadán d'fhireannaigh agus de bhaineannaigh Éireannacha a ghlac páirt i spórt in 2015, 2017 agus 2019.

Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh mná **nó** grúpa eile (as an liosta thíos) aghaidh a thabhairt ar na constaicí atá sa bhealach orthu maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp:

- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta.
- Grúpaí eitneacha éagsúla
- Grúpaí socheacnamaíochta éagsúla

| Grúpa |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)**

Is coincheap í an imní a phléitear go forleathan i measc lúthchleasaithe agus cóitseálaithe. Ní mór do chleachtóirí a bhíonn páirteach i bhfeidhmíocht spóirt a bheith feasach ar na comharthaí sóirt a bhaineann leis an imní. A luaithe agus a bhítear ar an eolas fúthu, bheadh sé ciallmhar déileáil le fadhbanna a bhaineann leis an imní.

**(i)** Sainmhínigh an toisc shíceolaíoch imní.

**(ii)** Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an imní tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

**(iii)** Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh toisc shíceolaíoch **eile** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

**(d)**

**Fíor 14**

***"Is cuma liom faoina bhuartha agus atá McDonald's faoin spórt ar leibhéal na cosmhuintire, is é an t-aon rud a smaoiníonn mo pháistí air nuair a fheiceann siad na hÁirsí Órga ná an cumasc de bhurgar agus sceallóga atá siad ag iarraidh orm a cheannach dóibh, ní ar a bheith ag ciceáil liathróide!"***

**Fíor 15**

**(i)** Tá tú ag scríobh cáipéise ina bhfuil cód cleachtais do club spóirt don óige. Luaigh **trí** chritéar a chuirfeá san áireamh sa cháipéis sin i dtaca le roghnú urra tráchtála don chlub.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |

**(ii)** Roghnaigh **dhá** cheann de na critéir a luaigh tú in **(i)** agus tabhair breac-chuntas ar an gcúis a gcuirfeá iad sin san áireamh i do chód cleachtais i dtaca le roghnú urra tráchtála do chlub spóirt don óige.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Is prionsabal é an t-ionracas a bhaineann le cleachtadh eiticiúil sa spórt. Sainmhínigh ionracas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thábhacht an ionracais i ngníomhaíocht choirp de do rogha féin.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Sainaithin prionsabal eile a bhaineann le cleachtadh eiticiúil.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)**

# *Mar a bhuail an scannal faoi mhí-úsáid drugaí ag Lance Armstrong buille trom ar chlú na rothaíochta idirnáisiúnta*



Ár gcomhfhreagraí cónaitheach ar chúrsaí rothaíochta, a lean gairm an rothaí a bhuaigh an Tour de France an iliomad uaireanta agus a bhí faoi dhraíocht aige, scríobhann sé faoi na mothúcháin chontrártha a spreagann an scannal drugaí is deireanaí.

*Simon O'Hagan* | Thursday 11 October 2012 15:10 | comments

**Fíor 16**

Scrúdaigh an smaoineamh gur féidir le lúthchleasaithe a úsáideann drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht (DCF), dochar suntasach a dhéanamh don spórt ina mbíonn siad ag iomaíocht.

**(c)** Agus úsáid á baint agat as an tábla thíos, sainaithin **trí** chatagóir DCFanna, ainmnigh sampla de dhruga i ngach catagóir díobh, agus luaigh slí amháin a a gcuireann gach ceann de na DCFanna leis an bhfeidhmíocht.

| **Catagóir DCF** | **Sampla den DCF** | **Slí amháin a gcuireann DCF leis an bhfeidhmíocht** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

**(d)**

> Is é an bealach is éifeachtaí chun do chumas nádúrtha spóirt a fhorbairt agus do sprioc corpacmhainne a bhaint amach ná traenáil éifeachtúil in éineacht le cothú optamach.

Scrúdaigh **trí** chúinse cothaithe le cur san áireamh nuair a bhíonn réim cothaithe á dearadh do lúthchleasaí i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.
**Níl** cead agat scrúdú a dhéanamh ar úsáid forbhianna spóirt mar chuid de do fhreagra.

| Gníomhaíocht Choirp |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 17** **(40 Marc)**

**(a)**

Tá sé léirithe ag an taighde go mbraitheann cuid de cháilíocht aeistéitiúil na feidhmíochta sa damhsa ar an gcorpacmhainn agus go bhfaigheann damhsóirí a ghlacann páirt i gcláir struchtúrtha chorpacmhainne rátálacha níos airde ina dhiaidh sin ar na slata tomhais a bhaineann le cáilíocht na feidhmíochta. Tá sé léirithe go bhfuil baint ag seasmhacht na matán in uachtar an choirp leis an inniúlacht aeistéitiúil.



**Fíor 17**

**(i)** Sainmhínigh seasmhacht na matán agus neart na matán.

| |
|---|
| Seasmhacht na Matán |
| |
| |
| Neart na Matán |
| |
| |

**(ii)** Déan cur síos ar an difríocht ó thaobh na déine de idir traenáil le haghaidh sheasmhacht na matán agus traenáil le haghaidh neart na matán.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** **(i)** Sainmhínigh **trí** phrionsabal traenála a bhféadfadh cóitseálaithe úsáid a bhaint astu agus iad ag dearadh pleananna traenála d'fhonn leibhéil chorpacmhainne lúthchleasaí a fheabhsú.

**(ii)** Ainmnigh prionsabal **eile** traenála agus tabhair breac-chuntas ar a thábhachtaí atá sé maidir le dearadh pleananna éifeachtacha traenála don chorpacmhainn.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh cuí le anailís a dhéanamh ar gach ceann de na **ceithre** ghné seo a leanas den fheidhmíocht:

Cóiréagrafaíocht; Ullmhacht shíceolaíoch; Scil agus Teicníc; Struchtúir agus Straitéisí.

**Ní** ceadmhach duit an modh céanna anailíse a úsáid le haghaidh níos mó ná gné amháin den fheidhmíocht.

| |
|---|
| Cóiréagrafaíocht |
| |
| |
| |
| Ullmhacht Shíceolaíoch |
| |
| |
| |
| Scil agus Teicníc |
| |
| |
| |
| Struchtúir agus Straitéisí |
| |
| |
| |

**(d) (i)** Ainmnigh an Coiste Náisiúnta Rialaithe (CNR) le haghaidh gníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin**.**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht Choirp | |
| Coiste Náisiúnta Rialaithe | |

**(ii)** Scrúdaigh an dóigh a dtacaíonn an CNR a d'ainmnigh tú in **(i)** leis an rannpháirtíocht áitiúil sa ghníomhaíocht choirp.

**Ceist 18** **(40 Marc)**

**(a)** **(i)** Críochnaigh an tábla seo a leanas, a bhaineann le húsáid luamhán i gcleachtadh scileanna/teicnící.

| Aicme an luamháin | Gníomhaíocht Choirp | Scil/Teicníc | Gníomhú Ailt |
|---|---|---|---|
| 1ú | | | |
| 2ú | | | |
| 3ú | | | |

**(ii)** Roghnaigh aicme **amháin** luamháin agus mínigh an dóigh a mbaineann an scil/teicníc a shainaithin tú in **(i)** úsáid as an aicme sin luamháin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**

> Beidh Spórt Éireann ag scríobh chuig na Coistí Náisiúnta Rialaithe agus chuig na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chun béim a chur ar a thábhachtaí atá sé a bheith ag lorg bealaí a bhféadfaimid go léir, le chéile agus ar bhonn aonair, cur in aghaidh an leithcheala sa spórt.

Déan plé ar **dhá** shampla den dóigh a bhféadfadh an leithcheal tionchar a imirt ar an soláthar do ghníomhaíocht choirp le haghaidh ceann **amháin** de na grúpaí seo a leanas:

- Mná
- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Grúpaí eitneacha éagsúla
- Grúpaí socheacnamaíochta éagsúla.

| Grúpa |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** **(i)** Ainmnigh polasaí náisiúnta a chuireann an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp chun cinn**.**


**(ii)** Déan plé ar **dhá** shochar shóisialta do dhaoine fásta a bhaineann leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thacaíocht leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do dhéagóirí i suíomhanna scoile iar-bhunoideachais.

**(d)**

**Fáiltíonn Turasóireacht Éireann roimh an nuacht go mbeidh Corn Ryder ar siúl in Éirinn in 2026.**

**Fíor 18**




**Fíor 19**

Is é an galf an margadh taistil is mó ar domhan a bhfuil baint aige leis an spórt agus is margadh é a bhfuil Turasóireacht Éireann meáite ar é a fhás. Sna blianta atá le teacht, eiseoidh Turasóireacht Éireann clár fairsing bolscaireachta timpeall an domhain chun teacht i dtír ar na sochair thurasóireachta a thiocfaidh as Corn Ryder a bheith ar siúl in Éirinn in 2026.

**(i)** Déan plé ar an ról is feidir a bheith ag margaíocht an spóirt i gcur chun cinn na turasóireachta in Éirinn.

**(ii)** Le linn do chuid staidéir, rinne tú iniúchadh ar an bpáirt a ghlacann gnólacht ainmnithe i gcúrsaí spóirt. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phríomhthoradh a bhí ar d'iniúchadh.

| Ainm an Ghnólachta |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

## Admhálacha

C1:
https://www.collinsdictionary.com/dictionary/english/characteristic#:~:text=The%20characteristics%20of%20a%20person,them%20and%20make%20them%20recognizable.&text=A%20quality%20or%20feature%20that,and%20seems%20typical%20of%20them.
C2: https://versus.uk.com/2021/06/adidas-real-madrid-celebrate-clubs-community-new-2122-home-kit/
https://www.sportspromedia.com/news/real-madrid-confirm-adidas-kit-extension/
C4: Wooden, J & Jamison, S. (2005). *Wooden on Leadership*. 1st edition McGraw- Hill
https://www.wsj.com/articles/SB10001424052702304347904579308650952252322
C5: https://www.irishtimes.com/sport/other-sports/joanne-o-riordan-opportunity-is-key-for-ireland-s-sportswomen-1.4668314
C6: Montgomery D.L (1988). *Physiology of ice hockey*. Sports Med
C7: https://olympics.com/en/news/surfing-explained-how-the-new-olympic-sport-is-judged
https://www.thesun.ie/fabulous/2183719/irish-surfing-legend-easkey-britton-reveals-how-hitting-the-waves-helps-her-leave-behind-everything-that-stresses-her-out/
C8: https://news.ncsu.edu/2012/07/olympic-physics-the-discus/
C10: https://www.irishtimes.com/sport/soccer/referee-suspended-after-rock-paper-scissors-replaces-coin-toss-1.3697484
C11: https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2021-04/ad_report_final_english.pdf
C13: https://www.rudehealthmagazine.ie/natalya-coyle; https://twitter.com/natalyacoyle/status/890912186880667648; https://www.instagram.com/p/BvkJu39nwAv/?utm_source=ig_embed; https://olympics.com/tokyo-2020/en/sports/modern-pentathlon/; https://olympics.ie/coyle-s-progress-noted-by-ioc/; https://www.uipmworld.org/athlete/natalya-coyle; https://www.her.ie/life/women-in-sport-pentathlon-star-natalya-coyle-talks-to-us-about-training-and-the-road-to-rio-and-261753; https://www.fft.ie/olympic-athlete-natalya-coyle-named-as-obriens-brand-ambassador/
C14 b: Joyce, D., & Lewindon, D. (2014). *High-Performance Training for Sports*. Human Kinetics; p. 99
C14 d: https://www.newscientist.com/article/mg21528722-700-sports-engineering-th-physics-of-sport/
C15 a: https://www.live95fm.ie/local/regeneron-great-limerick-run-2020/
C15 b: https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf
C15 C: https://believeperform.com/anxiety-in-sports-performance/
C15 d: https://sponsorship.org/mcdonalds-puts-the-fun-into-football-with-first-ever-tv-advert-for-19-year-long-grassroots-football-programme/; http://www.essentialkids.com.au/activities/sport/does-maccas-have-a-place-in-kids-sport-20120604-1zqw7
C16 b: https://www.independent.co.uk/voices/comment/how-lance-armstrong-s-drug-abuse-scandal-has-battered-the-reputation-of-international-cycling-8207133.html
C16 d: Bean A., (2013). *The Complete Guide to Sports Nutrition* 7th edition Bloomsbury Publishing
C17 a: https://www.targettrainingdance.com/post/strength-training-for-irish-dance; https://www.joelminden.com/upper-body-endurance-in-modern-dancers/
C18 b: https://www.sportireland.ie/news/sport-ireland-statement-on-racism-discrimination
C18 d: https://www.tourismireland.com/Press-Releases/2019/July/Tourism-Ireland-welcomes-the-news-that-the-Ryder-C; https://lovebelfast.co.uk/adare-manor-to-host-2026-ryder-cup/

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Corpoideachas

Dé Máirt 28 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30